Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11915/23**

**ENV 869**
**COMER 93**
**MI 627**
**ONU 49**
**SAN 459**
**IND 400**
**DELACT 102**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4683 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 14.7.2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4683 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4683 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2023
C(2023) 4683 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.7.2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is éard atá i gcomhthéacs beartais agus dlíthiúil an Rialacháin Tharmligthe seo beartas agus dlí an Aontais maidir le mearcair agus Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (dá ngairfear 'Coinbhinsiún Minamata' nó 'Coinbhinsiún' anseo feasta)[1].

***Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair***

Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (dá ngairfear 'an Rialachán maidir le Mearcair' anseo feasta)[2], is é an phríomhionstraim de dhlí an Aontais é (i) lena rialaítear úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair (dá ngairfear 'mearcair' anseo feasta), lena n-áirítear i dtáirgí ar cuireadh mearcair leo[3] agus (ii) lena dtrasuitear Coinbhinsiún Minamata agus na cinntí atá ceangailteach de réir dlí arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe (dá ngairfear 'COP Minamata' anseo feasta) i ndlí an Aontais.

Is é is aidhm don Rialachán maidir le Mearcair sláinte an duine agus an chomhshaoil a chosaint ar astaíochtaí antrapaigineacha agus ar scaoileadh mearcair agus, ar an gcaoi sin, tugtar aghaidh ar shaolré iomlán mearcair ó mhianadóireacht phríomhúil mearcair go diúscairt deiridh dramhaíola mearcair. Forbraíodh agus glacadh an Rialachán seo mar bhealach chun an cuspóir deiridh a bhaineann le beartas an Aontais maidir le mearcair a shaothrú agus a chur chun feidhme, i.e. deireadh a chur le húsáid mearcair de réir a chéile le himeacht ama. Sonraíodh an cuspóir sin go soiléir i straitéis an Aontais maidir le mearcair ó 2005[4] a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2010[5], inar iarradh ar an Aontas bearta a dhéanamh *inter alia* chun úsáid mearcair a laghdú trí sholáthar agus éileamh a laghdú.

Mar bheart leantach ar straitéis an Aontais maidir le mearcair, tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gconclúid maidir le húsáid mearcair i dtáirgí mar a leanas:

> '*Ba cheart táirgí ar cuireadh mearcair leo, i gcás inar ann do roghanna malartacha inmharthana, a chéimniú amach a ghasta agus a iomláine is féidir, agus é mar sprioc dheiridh gur cheart na táirgí uile ar cuireadh mearcair leo a chéimniú amach, agus imthosca teicniúla agus eacnamaíocha agus riachtanais taighde agus forbartha eolaíche á gcur san áireamh.*'[6]

Tugtar aghaidh ar tháirgí ar cuireadh mearcair leo in Airteagal 5 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair. Foráiltear le hAirteagal 5(1) go dtoirmiscfear onnmhairiú, allmhairiú agus monarú a dhéanamh san Aontas ar na táirgí ar cuireadh mearcair leo a leagtar amach in Iarscríbhinn II ó na dátaí a chuirfear deireadh le húsáid mearcair de réir a chéile a leagtar amach san iarscríbhinn sin. Mar dhíolúine, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), níl feidhm ag an toirmeasc sin maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá fíor- riachtanach le

---

1 Tá téacs Choinbhinsiún Minamata le fáil anseo: https://www.mercuryconvention.org/en/about

2 IO L 137, 24.05.2017, lch. 1.

3 In Airteagal 2(4) den Rialachán maidir le Mearcair, sainmhínítear 'táirgí ar cuireadh mearcair leo' mar tháirgí nó comhpháirteanna de tháirge ina bhfuil mearcair agus/nó comhdhúil mhearcair a cuireadh leo d'aon ghnó.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún - Community Strategy Concerning Mercury [Straitéis an Chomhphobail Maidir Le Mearcair], COM(2005) 20 final, 28.01. 2005.

5 Communication from the Commission on the review of the Community Strategy Concerning Mercury [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar Straitéis an Chomhphobail maidir le Mearcair], COM(2010) 723 final, 07.12.2010.

6 Conclúidí ón gComhairle *Review of the Community Strategy concerning Mercury* [Athbhreithniú ar Straitéis an Chomhphobail maidir le Mearcair], an 3 075ú cruinniú den Chomhairle Comhshaoil, an Bhruiséil, 14 Márta 2011.

haghaidh cosaint shibhialta agus úsáidí míleata nó a úsáidtear le haghaidh taighde, calabrú ionstraimíochta nó mar chaighdeán tagartha.

Áirítear ar na táirgí ar cuireadh mearcair leo dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair, *inter alia*, cadhnraí agus taisc- cheallraí roghnaithe, lasca agus athsheachadáin, lampaí ina bhfuil mearcair (e.g. dlúthshoilse fluaraiseacha áirithe) agus feistí tomhais neamhleictreonacha (e.g. teirmiméadair, straidhntomhsairí atá le húsáid in éineacht le pleitismeagraif). Tá na táirgí sin ar cuireadh mearcair leo faoi réir toirmeasc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú ón 31 Nollaig 2018 nó ón 31 Nollaig 2020. Na táirgí ar cuireadh mearcair leo a liostaítear in Iarscríbhinn II, is táirgí iad a bhfuil roghanna malartacha saor ó mhearcair atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar fáil lena n-aghaidh agus, mar a shonraítear in Aithris (14) den Bhrollach a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair, is sciar nach beag d'úsáid an mhearcair laistigh den Aontais agus ar fud an domhain iad.

D'fhonn táirgeadh agus úsáid táirgí ar cuireadh mearcair leo a laghdú, leagtar síos in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Mearcair coinníollacha dochta maidir le cás sonrach na dtáirgí 'nua' ar cuireadh mearcair leo, i.e. táirgí ar cuireadh mearcair leo nár monaraíodh roimh an 1 Eanáir 2018. Go háirithe, leis an bhforáil sin toirmeasctar iad a mhonarú agus a chur ar an margadh mura n-údaraíonn an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí amhlaidh. Ní féidir an t-údarú sin a thabhairt ach amháin má thaispeántar go soláthraítear tairbhí móra comhshaoil nó sláinte leis an táirge 'nua' ar cuireadh mearcair leis agus mura mbíonn rioscaí suntasacha ag baint leis don chomhshaol ná do shláinte an duine, agus más rud é nach bhfuil aon rogha mhalartach saor ó mhearcair ar fáil atá indéanta go teicniúil agus a bhfuil na tairbhí sin ag baint léi.

Maidir leis an idirghníomhú idir an Rialachán maidir le Mearcair agus Coinbhinsiún Minamata maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo, le hAirteagal 20 den Rialachán sin cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis a leasú *inter alia* chun í a ailíniú le cinntí arna nglacadh ag COP Minamata. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an gcumhachtú sin ach amháin má thacaigh an tAontas leis an gcinneadh lena mbaineann ó COP Minamata trí bhíthin Cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). **Dá bhrí sin, le hAirteagal 20 den Rialachán maidir le Mearcair, bunaítear an bunús dlí don Rialachán Tarmligthe seo.**

***Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair***

Tháinig Coinbhinsiún Minamata i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017 agus tá sé daingnithe go dtí seo ag an Aontas Eorpach[7] agus 136 thír, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais. Is é Coinbhinsiún Minamata an príomhchreat dlíthiúil idirnáisiúnta a fhéachann le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar astaíochtaí antrapaigineacha agus scaoileadh mearcair isteach san aer, san uisce agus sa talamh. Amhail an Rialachán maidir le Mearcair, tugtar aghaidh leis ar shaolré iomlán mearcair ó mhianadóireacht phríomhúil mearcair go diúscairt dramhaíola mearcair.

Bunaítear leis an gCoinbhinsiún sin freisin toirmeasc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú (Airteagal 4(1)) is infheidhme maidir leis na táirgí ar cuireadh mearcair leo a liostaítear in Iarscríbhinn A (Cuid I). Ó tharla go raibh ról lárnach ag an Aontas agus forálacha Choinbhinsiún Minamata á múnlú, lena n-áirítear na forálacha sin lena dtugtar aghaidh ar tháirgí ar cuireadh mearcair leo, is ionann den chuid is mó liosta na dtáirgí lena mbaineann ar cuireadh mearcair leo agus liosta na dtáirgí ar cuireadh mearcair leo atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair.

---

[7] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/939 an 11 Bealtaine 2017 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

De bhun Airteagal 4(4), (7) agus (8) de Choinbhinsiún Minamata, níor mhór athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin, agus tograí na bPáirtithe le haghaidh leasuithe chomh maith le faisnéis a tharchuirtear maidir le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus na roghanna malartacha teicniúla agus eacnamaíocha saor ó mhearcair atá ar fáil mar aon le sonraí maidir leis na rioscaí agus na tairbhí gaolmhara a bhaineann leis an gcomhshaol agus le sláinte an duine á gcur san áireamh.

***Cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinn A (Cuid I) a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata***

Agus dáta theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin agus Airteagal 4(4), (7) agus (8) atá ann á chur san áireamh, bhí coinne leis dá bhrí sin go nglacfadh na Páirtithe Cinneadh maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ag an dara cuid den cheathrú cruinniú de COP Minamata (COP4.II, 21- 25 Márta 2022).

Ina leith sin, d'fhonn leanúint de bheith ina Pháirtí gníomhach agus lárnach, tharchuir an tAontas faisnéis maidir le roinnt táirgí ar cuireadh mearcair leo agus na roghanna malartacha saor ó mhearcair atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch atá ar fáil lena n-aghaidh chuig Rúnaíocht Choinbhinsiún Minamata an 31 Márta 2020, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Choinbhinsiún sin. Chuir an tAontas togra foirmiúil in iúl don Rúnaíocht ansin an 30 Aibreán 2021 chun Iarscríbhinn A (Cuid I) a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata a leasú *inter alia*, i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den Choinbhinsiún sin[8]. Rinneadh foráil sa togra sin ón Aontas maidir leis na táirgí seo a leanas ar cuireadh mearcair leo a chur le hIarscríbhinn A (Cuid I):

– Ceallraí ocsaíde airgid since de chineál cnaipe ina bhfuil cion mearcair < 2 %, agus ceallraí aeir since de chineál cnaipe ina bhfuil cion mearcair < 2 %,
– Lampaí fluaraiseacha líneacha (LFLanna) fosfair halafosfáite do ghnáthshoilsiú
– Feistí tomhais neamhleictreonacha (a) straidhntomhsairí atá le húsáid i bpleitismeagraif; (b) teannasmhéadair,
– Feistí tomhais leictreacha agus leictreonacha: (a) trasduchtóirí, tarchuradóirí agus braiteoirí brú leáite; (b) folúschaidéil mearcair,
– Polúireatán, lena n-áirítear ceanastair chun polúireatán a leathadh.

Ina theannta sin, rinne (i) Réigiún na hAfraice agus (ii) an Eilvéis/Ceanada dhá thogra fhoirmiúla eile chun Iarscríbhinn A (Cuid I) a leasú.

Rinneadh foráil i dtogra foirmiúil Réigiún na hAfraice maidir leis na táirgí seo a leanas ar cuireadh mearcair leo a chur le hIarscríbhinn A (Cuid I):

– Dlúthshoilse fluaraiseacha a bhfuil ballasta comhtháite iontu (CFL.i) chun críoch soilsithe ghinearálta ≤ 30 vata ('CFL.i ≤ 30 vata' anseo feasta),
– Lampaí fluaraiseacha líneacha (LFLanna) chun críoch soilsithe ghinearálta: (a) Fosfar trí bhanda ≤ 60 vata; (b) Fosfar halafosfáite ≤ 40 vata,
– Lampaí fluaraiseacha catóide fuaire (CCFLanna) agus lampaí fluaraiseacha leictreoide seachtraí (EEFLanna) den uile fhad le haghaidh taispeántais leictreonacha.

Maidir le comhthogra foirmiúil na hEilvéise/Cheanada, moladh ann go gcuirfí na táirgí seo a leanas ar cuireadh mearcair leo le hIarscríbhinn A (Cuid I):

---

[8] Cinneadh (AE) 2021/727 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tograí a tíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis mhonaraithe ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair, a leasú (IO L 155, 5.5.2021, lch. 23).

– Feistí frithchothromaithe lena n-áirítear cothromóirí boinn agus meáchain rotha,

– Scannán agus páipéar fótagrafach,

– Tiomántán le haghaidh satailítí agus spásárthaí,

– Lasca agus athsheachadáin, cé is moite de dhroichid tomhais toillis agus caillteanais ar droichid an-ardbheachtais iad agus lasca agus athsheachadáin radaimhinicíochta ar lasca agus athsheachadáin ardmhinicíochta iad in uirlisí monatóireachta agus rialaithe nach mó an cion mearcair iontu ná 20 mg in aghaidh an droichid, na laisce nó an athsheachadáin.

I bhfianaise na dtrí thogra fhoirmiúla sin, chinn an tAontas, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/549 ón gComhairle arna ghlacadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, tacú le Cinneadh ag COP4.II lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata, lena gcomhlíonfadh na ceanglais seo a leanas:

(i) ní mór é a bheith i gcomhréir le togra foirmiúil an Aontais ón 30 Aibreán 2021; nó

(ii) ní mór é a bheith sé i gcomhréir le *acquis* an Aontais; nó

(iii) ní mór táirgí ar cuireadh mearcair leo a chumhdach leis, ar táirgí iad nach rialaítear faoi dhlí an Aontais ná nach monaraítear san Aontas; nó

(iv) ní mór baint a bheith aige le catagóirí áirithe lampaí ina bhfuil mearcair dá dtagraíonn Réigiún na hAfraice sa togra foirmiúil uaidh le haghaidh leasú[9].

Ghlac na Páirtithe Cinneadh ag COP4.II lena leasaítear *inter alia* Cuid I d'Iarscríbhinn A trí na hocht dtáirge nua seo a leanas ar cuireadh mearcair leo a chur léi agus an 31 Nollaig 2025 ann mar an dáta is infheidhme a chuirfear deireadh le húsáid an mhearcair de réir a chéile (dá ngairfear 'Cinneadh COP Minamata' anseo feasta)[10]:

– CFL.i ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 5 mg in aghaidh an dóire lampa;

– Lampaí fluaraiseacha catóide fuaire (CCFLanna) agus lampaí fluaraiseacha leictreoide seachtraí (EEFLanna) den uile fhad le haghaidh taispeántais leictreonacha;

– Straidhntomhsairí atá le húsáid i bpleitismeagraif;

– Trasduchtóirí brú leáite, tarchuradóirí brú leáite agus braiteoirí brú leáite;

– Folúschaidéil mearcair;

– Cothromóirí boinn agus meáchain rotha;

– Scannán agus páipéar fótagrafach;

– Tiomántán le haghaidh satailítí agus spásárthaí.

---

[9] Cinneadh (AE) 2022/549 ón gComhairle an 17 Márta 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an dara cuid den cheathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú (IO L 107, 6.4.2022, lch. 78).

[10] Cinneadh MC- 4/3: *Athbhreithniú agus leasú ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair*, an 25 Márta 2022.

Agus é á chur san áireamh go raibh raon feidhme chur i bhfeidhm Chinneadh COP Minamata i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/549 ón gComhairle, thacaigh an tAontas lena ghlacadh ag COP4.II, de réir bhrí Airteagal 20 den Rialachán maidir le Mearcair.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa saineolaithe maidir le Mearcair (MEG), a bunaíodh mar Shainghrúpa neamhfhoirmiúil de chuid an Choimisiúin chun cúnamh a thabhairt *inter alia* maidir le gníomhartha tarmligthe a ullmhú, agus ní dhearnadh aon agóid in aghaidh an Ghnímh Tharmligthe.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne freisin trí bhíthin thairseach *'Cloisimis uait!'* an Aontais, ach ba bheag an méid aiseolais a fuarthas ón bpobal i gcoitinne agus ó pháirtithe leasmhara eile. Bhain an t-aiseolas a fuarthas, lena n-áirítear ón mBiúró Eorpach Comhshaoil (BEE), leis an ngá go gcuirfeadh an tAontas srian breise le húsáid mearcair i dtáirgí, thar raon feidhme an Ghnímh Tharmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán maidir le Mearcair, is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe atá beartaithe an Rialachán maidir le Mearcair a ailíniú le Cinneadh COP Minamata MC- 4/3: *Athbhreithniú agus leasú ar Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair*. Ina leith sin, áfach, is fiú na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara:

Ar an gcéad dul síos, straidhntomhsairí atá le húsáid i bpleitismeagraif mar cheann de na hocht dtáirge ar cuireadh mearcair leo a beartaíodh le Cinneadh COP Minamata, liostaítear cheana féin iad in Iarscríbhinn II (Cuid A) a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair. Dá réir sin, níl aon ghá foráil a dhéanamh leis an nGníomh Tarmligthe atá beartaithe maidir leis an eilimint sin de Chinneadh COP Minamata a thrasuíomh.

Ar an dara dul síos, cé go gcumhdaítear CFL.i ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair is mó ná 5 mg in aghaidh an dóire lampa le hIarscríbhinn A (Cuid I) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún cheana féin, le Cinneadh COP Minamata leathnaítear an toirmeasc ar allmhairiú, onnmhairiú agus monarú chuig gach CFL.i ≤ 30 vata gan beann ar an gcion mearcair. Mar sin féin, agus é á chur san áireamh gur déine Iarscríbhinn II (Cuid A) a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair ná an Coinbhinsiún toisc go dtoirmeasctar léi cheana féin allmhairiú, onnmhairiú agus monarú CFL.i ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair is mó ná 2,5 mg in aghaidh an dóire lampa, leis an Rialachán Tarmligthe atá beartaithe tagraítear do CFL.i ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 2,5 mg in aghaidh an dóire lampa. Agus é sin á dhéanamh, áirithítear leis an Rialachán Tarmligthe atá beartaithe go mbaintear an toradh céanna amach faoin Rialachán maidir le Mearcair agus a bhainfí amach faoin gCoinbhinsiún, i.e. a áirithiú go dtoirmeasctar gach CFL.i chun críoch soilsithe ghinearálta Minamata ≤ 30 vata a allmhairiú, a onnmhairiú agus a mhonarú faoin dáta is infheidhme a chuirfear deireadh le húsáid an mhearcair de réir a chéile.

Dá réir sin, foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán Tarmligthe seo atá beartaithe go gcuirfear na seacht dtáirge seo a leanas ar cuireadh mearcair leo le Cuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair agus an 31 Nollaig 2025 ann mar an dáta a chuirfear deireadh le húsáid an mhearcair de réir a chéile:

– Dlúthshoilse fluaraiseacha a bhfuil ballasta comhtháite iontu (CFL.i) chun críoch soilsithe ghinearálta ≤ 30 vata nach mó ná 2,5 mg in aghaidh an dóire lampa;

– Lampaí fluaraiseacha catóide fuaire (CCFLanna) agus lampaí fluaraiseacha leictreoide seachtraí (EEFLanna) den uile fhad le haghaidh taispeántais leictreonacha;

– Trasduchtóirí brú leáite, tarchuradóirí brú leáite agus braiteoirí brú leáite;

- Folúschaidéil mearcair;
- Cothromóirí boinn agus meáchain rotha;
- Scannán agus páipéar fótagrafach;
- Tiomántán le haghaidh satailítí agus spásárthaí.

Agus é sin á dhéanamh, déantar foráil leis an nGníomh Tarmligthe seo maidir leis na ceithre iontráil nua seo a leanas de tháirgí ar cuireadh mearcair leo i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Mearcair:

- iontráil 3bis nua le haghaidh dlúthshoilse fluaraiseacha a bhfuil ballasta comhtháite iontu (CFL.i) chun críoch soilsithe ghinearálta ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 2,5 mg in aghaidh an dóire lampa;
- iontráil 6bis nua le haghaidh lampaí fluaraiseacha catóide fuaire (CCFLanna) agus lampaí fluaraiseacha leictreoide seachtraí (EEFLanna) den uile fhad le haghaidh taispeántais leictreonacha;
- iontráil 10 nua (*feistí tomhais leictreacha agus leictreonacha*) le haghaidh trasduchtóirí brú leáite, tarchuradóirí brú leáite agus braiteoirí brú leáite;
- iontráil 11 nua (*Táirgí eile ar cuireadh mearcair leo*) le haghaidh folúschaidéil mearcair, cothromóirí boinn agus meáchain rotha, scannán agus páipéar fótagrafach agus tiomántán le haghaidh satailítí agus spásárthaí.

Tá togra á ullmhú ag an gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair a mhéid a bhaineann le malgam fiaclóireachta agus táirgí eile ar cuireadh mearcair leo faoi réir srianta ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú. Glacfar an togra ón gCoimisiún i gcomhthráth leis an nGníomh Tarmligthe seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.7.2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008[1], agus go háirithe Airteagal 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/852, onnmhairiú, allmhairiú agus monarú a dhéanamh san Aontas ar na táirgí ar cuireadh mearcair leo a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, tá sé le toirmeasc ó na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, seachas na táirgí sin atá fíor- riachtanach le haghaidh cosaint shibhialta agus úsáidí míleata agus na táirgí sin a úsáidtear le haghaidh taighde, calabrú ionstraimíochta nó mar chaighdeán tagartha.

(2) Thug an tAontas Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (an 'Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh (AE) 2017/939[2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017. Toirmisctear le hAirteagal 4(1) den Choinbhinsiún onnmhairiú, allmhairiú agus mhonarú a dhéanamh ar tháirgí ar cuireadh mearcair leo a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin tar éis an dáta a chuirfear deireadh le húsáid an mhearcair de réir a chéile a shonraítear le haghaidh na dtáirgí sin. Ceanglaítear le hAirteagal 4(8) den Choinbhinsiún ar Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ('COP') athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

(3) Chuir an tAontas tograí isteach chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/727 ón gComhairle[3]. Ag an gceathrú cruinniú de COP, a tionóladh ón 21 go dtí an 25 Márta 2022, glacadh Cinneadh MC- 4/3 lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún trí ocht dtáirge ar cuireadh mearcair leo a áireamh san Iarscríbhinn sin.

---

[1] IO L 137, 24.5.2017, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/939 an 11 Bealtaine 2017 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4).

[3] Cinneadh (AE) 2021/727 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tograí a tíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo agus próisis mhonaraithe ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair, a leasú (IO L 155, 5.5.2021, lch. 23).

Thacaigh an tAontas leis an gCinneadh sin trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/549 ón gComhairle[4].

(4) I gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/852, liostaítear cheana féin straidhntomhsairí atá le húsáid i bpleitismeagraif mar cheann de na táirgí ar cuireadh mearcair leo a áirítear i gCuid I d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún le Cinneadh MC- 4/3 chomh maith le dlúthshoilse fluaraiseacha a bhfuil ballasta comhtháite iontu (CFL.i) chun críoch soilsithe ghinearálta ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair is mó ná 2.5 mg in aghaidh an dóire lampa. Mar thoradh air sin agus chun Rialachán (AE) 2017/852 a ailíniú le Cinneadh MC- 4/3, is gá seacht dtáirge ar cuireadh mearcair leo a áireamh i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin: (i) dlúthshoilse fluaraiseacha a bhfuil ballasta comhtháite iontu (CFL.i) chun críoch soilsithe ghinearálta ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 2,5 mg in aghaidh an dóire lampa, (ii) lampaí fluaraiseacha catóide fuaire (CCFLanna) agus lampaí fluaraiseacha leictreoide seachtraí (EEFLanna) den uile fhad le haghaidh taispeántais leictreonacha, (iii) trasduchtóirí brú leáite, tarchuradóirí brú leáite agus braiteoirí brú leáite, (iv) folúschaidéil mearcair, (v) cothromóirí boinn agus meáchain rotha, (vi) scannán agus páipéar fótagrafach agus (vii) tiomántán le haghaidh satailítí agus spásárthaí.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/852 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/852 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14.7.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[4] Cinneadh (AE) 2022/549 ón gComhairle an 17 Márta 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an dara cuid den cheathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú (IO L 107, 6.4.2022, lch. 78).